gaelscoil na gcloch liath

Eanáir 2011

Nótaí

Cruinniú Foirne
Dúnfaidh an scoil ar 12.00 Dé hAoine **21 Eanáir** do Chruinniú Foirne.

The school will close at 12.00 on Friday ***21st January*** *to allow for a Staff Meeting*

Cruinnithe Tuismitheoirí/ Múinteoirí;
Beidh na cruinnithe seo ar siúl idir 31 Eanáir agus 3 Feabhra

Parent/Teacher Meetings *will take place for N. Bheaga and N. Mhóra between 31st January and 4th February.*

Briseadh Meán-Téarma
Beidh an scoil dúnta ón 21 - 25 Feabhra don bhriseadh Meán-Téarma.

The school will be closed 21st - 25th February for the Mid-Term break.

Athbhliain Faoi Mhaise!

Fáilte ar ais go dtí an Dara téarma den scoilbhliain seo. Bhí téarma iontach againn sa chéad téarma agus is léir go bhfuil na Naíonáin Bheaga socruithe go maith. Táimid ag súil leis go rachaidh a gcuid Gaeilge ó neart go neart sa téarma seo.
Welcome to our second term. Our last term was a wonderful one and our new infants have well and truly settled into the school routine. We now hope to see their Gaeilge go from strength to strength this term.

Téarma lán a bhí againn roimh Nollaig le Seachtain Matamaitice, Ceiliúradh an Fhómhair, Oíche Rásaíochta, Seachtain na Leabhar, drámaí na Nollag agus an chuairt ó Dhaidí na Nollag. Tá téarma fada os ár gcomhair agus beidh sé chomh lán leis an téarma seo caite. Ina measc beidh Cuairt ó Áine Ní Ghlinn, údar den scoth, Seachtain na Gaeilge agus Seachtain na gCrann.
The last term was a busy one with our Maths Week, Harvest Celebration, Race night, Book week, Christmas plays and Santa's visit. We have a long term ahead of us and without a doubt it will be a busy one. Some of the events which will take place will be our visit from Áine Ní Ghlinn, a well known Irish author, Seachtain na Gaeilge and Tree Week.

Beidh ceolchoirm agus céilí ar siúl le linn Seachtain na Gaeilge agus beidh deis ag gach rang a gcumas Gaeilge, ceoil agus ealaíne a léiriú. Déanfar rud níos mó as an gceolchoirm seo i mbliana toisc nach raibh deis ag na tuismitheoirí na drámaí Nollag a fheiscint. Chomh maith, beidh ceolchoirm ag ranganna na Naíonáin bheaga roimh dheireadh na bliana.
There will be a concert and Céilí during Seachtain na Gaeilge and each class will have the opportunity to show their talent for Gaeilge, Music and Art. We hope that all parents will be able to join us this year as we will use it to make up for the fact that the parents could not see the Christmas plays. Junior Infants will be holding a small class concert before the end of the year as it is their first chance to show off all their Gaeilge.

Táimid an-bhródúil as na páistí agus tá a fhios againn go n-oibreoidh siad go dícheallach an téarma seo. Coiméad súil ar na clár fógraí, ar ballaí na seomraí ranga nó ar an ngréasán chun súil a choiméad ar a bhfuil á dhéanamh acu!
We are very proud of the children's hard work and we know that they will work equally hard this term. Keep an eye on our notice boards, the walls and the website to see all they achieve this term.

Ciorcal Comhrá

Gach Aoine i seomra na dTuismitheoirí Buail suas agus labhair Gaeilge linn.

Every Friday in Seomra na d Tuismitheoirí. Come along and use your Cúpla focal.

Leabhair le clúdú

Ta leabhair i Seomra na dTuismitheoirí gur gá clúdach a chur orthu. Tá an fearas uilig ann freisin. Más féidir leat cúnamh a thabhairt, bheimid an-bhuíoch.

There are books needing covering in the Parents' Room. All the equipment is also there. If you can spare some time to help, please call up to the room and you can work away. Go raibh maith agat!

Ó Choiste na dTuismitheoirí

Bhí a lán eachtraí ar siúl sa scoil le linn an téarma deireannach agus ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil libh as an dtacaíocht a thug sibh
There were a number of events held during the last term and we would like to take this opportunity to thank you for your support.

Oíche Rásaíochta

I Mí na Samhna, d'eagraigh Coiste na dTuismitheoirí an Oíche Rásaíochta. Bhí sé ar siúl i gCumann Rugbaí na gCloch Liath. Bhí an-oíche againn agus ba léir gur bhain gach duine an-taitneamh as an oíche. B'iontach an rud é na tuismitheoirí nua a fheiscint ann agus thug sé deis dúinn aithne a chur ar a chéile.

Last November, the Parents' Association organised our Race Night in the Rugby Club. It was a very enjoyable night and the atmosphere was truly electric. It was wonderful to see so many of our new parents there as it gave us an opportunity to get to know each other.

Bailíodh €5,211 ar son na scoile ar an oíche sin agus cabhróidh seo go mór linn tús a chur le leabharlann na scoile agus acmhainní a cheannach do na ranganna.

We raised €5,211 in aid of the school and this will greatly help to get us started on our school library and to buy resources for the classes.

Aonach Leabhar

Roimh Nollaig bhí Aonach Leabhar ar siúl sa scoil. Ba léir go raibh sibh an -sásta leabhar a cheannach don Nollaig agus tacaíocht a thabhairt don scoil ag an am céanna. Míle buíochas dóibh siúd a chabhraigh linn é a reachtáil.

Before Christmas, we held our Book Fair. It was clear that there was a great interest in this event. Many thanks to those to help run the fair.

Faigheann an scoil 60% den mhéad a chaitheadh ar ais ón gcomhlacht i bhfoirm leabhair. Táimid fíor bhuíoch daoibh as an dtacaíocht a thug sibh agus dá bharr, gheobhaidh an scoil €1,000 ar ais i bhfoirm leabhair. Is mór an éacht é seo i scoil chomh beag.

The school will receive 60% of the amount spent back in the form of books for the school. We greatly appreciate your support in this event and as a result we will be receiving €1000 worth of books for our school library. This is a great achievement in a school of our size.

Léitheoireacht do Naíonáin Bheaga

Tosnóidh léitheoireacht sna N. Bheaga i Mí an Mhárta. Má tá suim agat cabhrú, iarraim ort d'ainm a chur ar an liosta ar chlár fógra na dtuismitheoirí.

N. Bheaga will start reading in March. If you would like to help in the mornings, please add your name to the list on the Parents' Noticeboard..

Seachtain na Leabhar

Bhí Seachtain na Leabhar iontach taitneamhach againn ón 6ú-10ú Nollaig. Bhí réimse leathan d'imeachtaí ar siúl le linn na seachtaine agus ba léir gur chuir sé go mór le dúil na bpáistí sa léitheoireacht. I measc na ngníomhaíochtaí a bhí ar siúl, bhí tuismitheoirí ag léamh leis na páistí agus ranganna ag léamh le ranganna eile sa scoil. D'eagraigh Coiste na dTuismitheoirí aonach leabhar agus tugadh deis do na páistí agus na tuismitheoirí cuairt a thabhairt air le linn na seachtaine.

A very enjoyable Book Week ran in the school from 6-10 December. There was a wide variety of activities taking place during the week. These included parents reading stories to the children and classes reading with other classes. Coiste na dTuismitheoirí organised a book fair and both children and parents were given an opportunity to attend.

Reachtáil muid comórtas ealaíne agus caithfear a rá go raibh an caighdeán an-ard! Comhghairdeachas leis na buaiteoirí; Denis deBúrca (R3), Kaci deCarraig (R2), Neil deBúrca (R1), Fionnán Ó Raghallaigh (Naí. Mh.), Moses Ó Murchú agus Sienna Ní Mhainnín (Naí. Bh.). Bhuaigh siad dearbhán leabhair don aonach.

An art competition took place to celebrate book week and it must be said that the standard was very high! Congratulations to the winners - Denis deBúrca (R3), Kaci deCarraig (R2), Neil deBúrca (R1), Fionnán Ó Raghallaigh (Naí. Mh.), Moses Ó Murchú agus Sienna Ní Mhainnín (Naí. Bh.). They were presented with a book token for the book fair.

Chuir muid críoch leis an tseachtain le tionóil speisialta. Roghnaigh na páistí an leabhar is fearr le gach rang agus labhair said fúthú. Mhaisigh siad duilleoga le teideal an leabhair is fearr leo féin agus chroch siad iad ag an tionóil.

The week finished with a special assembly. Each class picked their favourite book and spoke about it at the assembly. The children decorated leaves with the titles of their favourite books and hung them on a special tree.

Mar chuid den tseachtain bhí an t-údar Áine Ní Glinn chun cuairt a thabhairt ar an scoil. Cuireadh ar ceal é, afách, agus tháinig sí an tseachtain seo ina áit. Is údar leabhair Ghaeilge do pháistí í Áine agus taitníonn a scéalta go mór leis na páistí. Bhí siad uilig ar bís faoin a cuairt. Rinne sí ceardlann leis na ranganna uilig, ag léamh scéalta agus dánta, ag cumadh dánta agus ag labhairt leo faoi conas a chuirtear leabhar le chéile. B' iontach an deis é seo do na gasúir labhairt le húdar agus aghaidh a chur leis an ainm.

Áine Ní Ghlinn visited the children this week, an event which we had hoped would take place as part of book week. Áine is an Irish-langauge author of books for all ages. The children have read many of her books at school and really enjoy them. They were very excited about her visit! Áine gave a work-shop to each of the classes, reading poems and stories, showing them then process involved in writing a story and even helping them to compose their own poems. It was a great opportunity for the children to put a face to the name of such a popular author.

Clár Bán
Idirghníomhach
(Luach €4500)



Tá 353 as 500 fón againn.
We have collected 353 phones

Gníomhaíochtaí Iar-Scoile

Snámh Dé Luain	Eanáir 17, 24, 31 Feabhra 7, 14, 28 Márta 7, 14, 21, 28	Ealaín Déadaoin	Eanáir 19, 26 Feabhra 2, 9, 16, Márta 2, 6, 23, 30 Aibreán 6
Veidhlín Dé Máirt	Eanáir 18, 25, Feabhra 1, 8, 15, Márta 1, 8, 15, 22, 29	Leadóg Déadaoin	Eanáir 20, 27 Feabhra 3, 10, 17 Márta 3, 10, 24, 31 Aibreán 7
Ealaín Dé Máirt	Eanáir 18, 25 Feabhra 1, 8, 15, Márta 1, 8, 22,	Aclaíocht Dé hAoine	Eanáir 21, 28 Feabhra 4, 11, 18 Márta 4, 11, 25 Aibreán 1, 8
Rince Dé Céadaoin	Eanáir 19, 26 Feabhra 2, 9, 16, Márta 2, 9, 23, 30 Aibreán 6	Karate Dé hAoine	Feabhra 4, 11, 18 Márta 4, 25 Aibreán 1, 8

Gaelscoil Ghlas!

Tá páistí na scoile ag cuidiú le córas bruscair nua a chur i bhfeidhm sa scoil faoi láthair. Thosaigh siad roimh laethanta saoire na Nollag agus is léir cheana féin go bhfuil ag éirí leo. Séard atá i gceist leis ná trí bhosca bruscair i ngach rang – bosca athchúrsála, bosca múiríne agus gnáth bhosca bruscair. Bíonn 'bleachtairí bruscar' ag cinntiú go bhfuil na rudaí cearta curtha san áit chuí. Molaimid do thuismitheoirí na páistí a spreagadh chun ath-chúrsáil sa bhaile freisin.

The children are currently helping to implement a new recycling system in the school. This began before Christmas and it is clear already that the system is working. It involves having three bins in each classroom – a recycling bin, a compost bin and a regular rubbish bin. The children act as 'Bleachtairí Bruscar' and ensure that waste has been put in the appropriate bin. We would encourage parents to involve the children in recycling at home also.